Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5263/21**

**CFSP/PESC 25**
**COPS 12**
**CLIMA 9**
**DEVGEN 5**
**ENV 24**
**ONU 7**
**RELEX 20**
**ENER 18**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 5545/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh - dul chun cinn a dhéanamh maidir le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh - dul chun cinn a dhéanamh maidir le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, a glacadh ag an 3784ú cruinniú den Chomhairle, an 25 Eanáir 2021.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
## AN TAIDHLEOIREACHT AERÁIDE AGUS FUINNIMH – DUL CHUN CINN A DHÉANAMH MAIDIR LE GNÉ SHEACHTRACH AN CHOMHAONTAITHE GHLAIS DON EORAIP

1. Tá an t-athrú aeráide ina bhagairt eiseach don chine daonna. Tá astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GCT) ar fud an domhain fós ar chonair neamh-inbhuanaithe in ainneoin laghduithe ar astaíochtaí sa ghearrthéarma de bharr thionchar phaindéim COVID-19. Teipeann ar an ngníomhú domhanda ar son na haeráide fós maidir lena bhfuil ag teastáil chun spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus, dá réir sin, Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Tá ceannaireacht á léiriú ag an Aontas Eorpach agus dea-shampla dá réir: faoi threoir na heolaíochta, mhéadaigh sé a ghealltanais intíre, beidh cuspóir na haeráidneodrachta glactha aige faoi 2050, agus tá feabhas á chur aige ar a sprioc ghearrthéarmach maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú. Tá rannchuidiú an Aontais arna chinneadh go náisiúnta (NDC) á laghdú go 55 % ar a laghad faoi 2030 le hais mar a bhí in 1990. Cuirfidh an tAontas a spriocanna uaillmhianacha chun feidhme trí bhíthin an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Mar sin féin, toisc gurb é an tAontas atá freagrach as sciar 8 % de na hastaíochtaí domhanda, agus an sciar sin ag laghdú, ní leor beartas inmheánach uaillmhianach. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí gníomhaíocht dhomhanda ar bhonn práinneach comhchoiteann cinntitheach chun an méadú atá ag teacht ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch mar fhreagairt ar an éigeandáil aeráide; iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún taidhleoireacht aeráide agus fuinnimh an Aontais a atreisiú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun an t-aistriú domhanda a shaothrú i dtreo na haeráidneodrachta, agus athléimneacht agus iomaíochas an Aontais féin á n-áirithiú i bhfianaise na timpeallachta luainí slándála agus geopholaitiúla.

2. Le Comhaontú Pháras, déantar foráil maidir le creat iltaobhach ríthábhachtach lena rialaítear an ghníomhaíocht dhomhanda ar son na haeráide. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile an uaillmhian, an tsoiléireacht, an trédhearcacht agus an tuiscint maidir lena rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a mhéadú, agus straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí ísle a chur in iúl i bhfad roimh an 26ú ceann de Chomhdhálacha na bPáirtithe (COP26) i nGlaschú i Samhain 2021.

3. Is díol sásaimh don Aontas gealltanais a tugadh le déanaí maidir le haeráidneodracht agus carbón-neodracht faoi lár an chéid, go háirithe na gealltanais a thug na geilleagair mhóra, agus na méideanna a gealladh ag Cruinniú Mullaigh 2020 maidir leis an uaillmhian aeráide a d'eagraigh na Náisiúin Aontaithe, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe, i gcomhpháirtíocht leis an Iodáil agus leis an tSile. Iarrann an tAontas ar na tíortha uile bealaí, spriocanna agus beartais uaillmhianacha mhionsonraithe a fhorbairt sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma a thagann lena spriocanna fadtéarmacha mar bhealach chun comharthaí soiléire a chur ar fáil do shaoránaigh, do ghníomhaithe polaitiúla agus do ghnólachtaí. Áitíonn an tAontas ar na tíortha uile a gcuid straitéisí maidir le cur chun cinn trádála, maoiniú, cabhair agus infheistíocht choigríche a ailíniú lena ngealltanais intíre aeráide agus lena ngealltanais faoi Chomhaontú Pháras, agus beartais téarnaimh eacnamaíocha atá inbhuanaithe agus íogair ó thaobh na haeráide de a bhunú de dhroim ghéarchéim COVID-19 mar ghné thábhachtach de straitéis fáis inbhuanaithe agus mar infheistíocht láithreach in aistriú aeráid-díonach cuimsitheach cóir. Tacóidh an tAontas le straitéisí fadtéarmacha agus le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a chur chun feidhme agus is díol sásaimh dó obair na dtionscnamh ábhartha, amhail comhpháirtíocht NDC. Oibreoidh an tAontas Eorpach, mar ábhar tosaíochta, le geilleagair G20 nach bhfuil san Aontas Eorpach agus le geilleagair mhóra eile maidir le hiarrachtaí an t-athrú aeráide a mhaolú agus tá sé réidh dul isteach i gcomhghuaillíochtaí agus i gcomhpháirtíochtaí ardleibhéil, ard-uaillmhianacha. Sa chomhthéacs sin, cuireann an tAontas i dtreis a riachtanaí atá sé go ndéanfadh na páirtithe uile nach ndearna go fóill é Comhaontú Pháras a dhaingniú; is díol sásaimh don Aontas go bhfuil Rialtas nua na Stát Aontaithe tar éis dul isteach arís i gComhaontú Pháras agus tá rún dearbhaithe aige NDC uaillmhianach nuashonraithe a ullmhú i dtreo na haeráidneodrachta agus tá sé ag súil le Comhairle Fuinnimh AE-SAM a athbheochan agus béim níos mó á leagan ar an aistriú fuinnimh agus ar ghníomhú ar son na haeráide.

4. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil, lena n-áirítear cailliúint na bithéagsúlachta agus na bhforaoisí, ina mbagairt don chobhsaíocht agus don tslándáil idirnáisiúnta, ar bagairtí iad lena n-atreisítear an riosca tubaiste agus an brú ar an gcomhshaol, lena gcruthaítear coinbhleachtaí áitiúla agus réigiúnacha agus lena méadaítear an baol go n-easáiteofaí daoine agus is ar an gcaoi sin a chuirtear go mór le riachtanais dhaonnúla agus a chuirtear i mbaol teachtadh éifeachtach chearta an duine. Is ábhar tosaíochta iad, agus i gcásanna áirithe is ábhar eiseach iad an oiriúint don athrú aeráide agus don díghrádú comhshaoil agus an athléimneacht i leith an dá rud sin, go háirithe i gcás pobal agus tíortha leochaileacha, lena n-áirítear Stáit Oileánacha Bheaga agus na Tíortha is Lú Forbairt. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt dóibh siúd is mó atá i ngátar, féachaint leis an riosca atá ann maidir le tuilleadh caillteanais agus díghrádaithe a theorannú agus a bhainistiú trí thacaíocht bheartais, maoiniú agus malartú dea-chleachtas agus réitigh dhúlra-bhunaithe, i measc nithe eile á gcur chun cinn. Is díol sásaimh don Aontas, i ndáil leis an méid sin, Cruinniú Mullaigh 2021 maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide a bheidh á óstáil ag an Ísiltír. Le beartas eachtrach agus slándála an Aontais agus na mBallstát, déanfar breithniú ar bhonn córasach ar fhachtóirí agus ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus beifear ag obair le comhpháirtithe, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, chun bearta a fhorbairt chun coinbhleachtaí a chosc, amhail córais luathrabhaidh agus tacú le hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, amhail Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcaithfear an obair ar an nasc idir an aeráid agus an tslándáil a neartú agus a phríomhshruthú, go háirithe chun tacú le gníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an obair le heagraíochtaí réigiúnacha agus laistigh de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe leis an ngrúpa nua neamhfhoirmiúil saineolaithe de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Aeráid agus leis an tSlándáil, grúpa a bhfuil Éire ina comhchathaoirleach air in 2021, ag tógáil ar an díospóireacht thiomanta a bhí ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe in Iúil 2020 agus ar an Sásra Slándála Aeráide agus, ag an am céanna, an tsaincheist a chomhtháthú, i gcás inarb iomchuí, ina rúin.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá saincheisteanna comhshaoil agus an t-athrú aeráide a mhéid a bhaineann leis an tslándáil agus leis an gcosaint agus is díol sásaimh di an doiciméad dar teideal *Climate Change and Defence Roadmap: EU Actions addressing the links between climate change and defence, including in the context of the Common Security and Defence Policy* [Treochlár don Athrú Aeráide agus don Chosaint: Gníomhaíochtaí an Aontais lena dtugtar aghaidh ar na naisc idir an t-athrú aeráide agus an chosaint, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, lena gcuirtear leis an nasc is leithne idir an aeráid agus an tslándáil. Agus éifeachtacht oibríochtúil á coimeád mar threoirphrionsabal, iarrann an Chomhairle ar na seirbhísí ábhartha na gníomhaíochtaí a shainaithnítear sa treochlár a thabhairt ar aghaidh chun tacú leis na Ballstáit agus i ndlúthchomhar leo i bpríomhréimsí na gné oibríochtúla, na forbartha ar chumais shibhialta agus mhíleata, agus an iltaobhachais agus comhpháirtíochtaí, lena n-áirítear dul i ngleic le dúshláin theicneolaíocha chomh maith le dramhaíl a chosc agus athchúrsáil. Ní mór na deiseanna atá ann le comhar níos dlúithe a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le comhpháirtíochtaí iltaobhacha, amhail córas na Náisiún Aontaithe, ECAT, ESCE agus an tAontas Afracach, agus le tíortha comhpháirtíochta a fhiosrú i gcomhréir le creat institiúideach an Aontais agus uathriail cinnteoireachta an Aontais á urramú go hiomlán.

6. Dearbhaíonn an tAontas agus a Bhallstáit go bhfuil siad tiomanta i gcónaí slógadh an mhaoinithe idirnáisiúnta don aeráid a mhéadú a thuilleadh mar chuid de sprioc chomhchoiteann na dtíortha forbartha USD 100 billiún a shlógadh go comhpháirteach in aghaidh na bliana faoi 2020 agus go dtí 2025. Tugann an Chomhairle dá haire, sa chomhthéacs sin, gurb é an tAontas an deontóir is mó cheana féin i dtaobh maoiniú poiblí don aeráid, agus a ranníocaíocht méadaithe aige faoi dhó ó 2013 go €23.2 billiún in 2019, agus é ag leanúint ag an am céanna de sciar méadaithe suntasach dá ionstraimí seachtracha maoiniúcháin a chur ar leataobh do réimsí ábhartha gníomhaíochta ar son na haeráide, go háirithe tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta. Áitíonn an tAontas agus a Bhallstáit ar gach tír forbartha agus ar pháirtithe eile a bhfuil sé ar a gcumas é a dhéanamh, lena n-áirítear na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus na bainc forbartha, a ranníocaíochtaí féin a mhéadú, agus béim á leagan acu ar a thábhachtaí atá maoiniú méadaithe don oiriúnú agus trédhearcacht maidir le cur chun feidhme agus measúnú leanúnach éifeachtacht an chistithe arna chur ar fáil. Sa chomhthéacs sin, tugann an tAontas dá aire an staid dhúshlánach atá os comhair tíortha go leor atá i mbéal forbartha agus a chaithfidh a n-athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú, agus iad ag streachailt le fiachas ag an am céanna.

7. Tugann an Chomhairle dá haire a thábhachtaí atá cleachtais airgeadais inbhuanaithe chun an t-aistriú eacnamaíoch agus fuinnimh a chur chun cinn i dtreo na haeráidneodrachta agus athléimneacht aeráide. Tacóidh an tAontas le glacadh domhanda na gcleachtas sin agus cothóidh sé an comhleanúnachas le tacsanomaíocht an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe, go háirithe tríd an Ardán Idirnáisiúnta um Maoiniú Inbhuanaithe, chun gaibhniú teicneolaíochta neamh-inbhuanaithe agus sócmhainní tréigthe a sheachaint agus is díol sásaimh dó tionscnaimh ábhartha amhail comhghuaillíocht na n-airí airgeadais um ghníomhú ar son na haeráide. Spreagfaidh an tAontas agus na Ballstáit ailíniú idir na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, lena n-áirítear bainc forbartha, agus cuspóirí Chomhaontú Pháras, agus sampla an bheartais iasachtaithe fuinnimh agus threochlár aeráide an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta mar bhunchloch acu d'fhonn tacú le tíortha chun téarnamh glas a shaothrú agus infheistíocht phríobháideach inbhuanaithe a shlógadh. Molann an tAontas freisin go mbeadh ann córais maoinithe onnmhairithe comhpháirtithe chun cur leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta.

8. Tá an Chomhairle ag súil le togra ón gCoimisiún maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha chun sláine comhshaoil bheartais an Aontais a áirithiú agus chun sceitheadh carbóin a sheachaint ar bhealach atá comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Tugann an tAontas dá aire an luach a bhaineann le margaí carbóin náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt, mar uirlis chun astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda a laghdú ar bhealach costéifeachtach.

9. Tá earnáil an fhuinnimh freagrach as os cionn dhá thrian de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda agus is cuid lárnach den aistear i dtreo na haeráidneodrachta é aistriú na hearnála sin. Beidh sé mar phríomhaidhm ag taidhleoireacht fuinnimh an Aontais dlús a chur leis an aistriú fuinnimh domhanda, agus an inacmhainneacht á háirithiú, an comhshaol á chosaint agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe á mbaint amach ag an am céanna. Chuige sin, i bhfianaise an ghá atá le hathrú tapa i dtreo na haeráidneodrachta, cuirfidh taidhleoireacht fuinnimh an Aontais chun cinn an éifeachtúlacht fuinnimh, úsáid teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe, méadú ar ghlacadh agus ar chomhtháthú córais fuinnimh inathnuaite – lena n-áirítear trí idirnaisc fheabhsaithe – agus na caighdeáin chomhshaoil, sábháilteachta núicléiche agus trédhearcachta is airde. Iarrann an Chomhairle freisin go ndéanfaí an comhar idirnáisiúnta maidir le hidrigin a dhoimhniú a thuilleadh, go neartófar na hiarrachtaí chun hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh, agus go gcumasófaí allmhairiú na hidrigine in-athnuaite go háirithe.

10. A bhuí le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais, díspreagfar gach infheistíocht bhreise i dtionscadail bhonneagair fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise i dtríú tíortha, ach amháin má bhíonn siad comhsheasmhach go hiomlán le bealach uaillmhianach atá sainithe go soiléir chun an aeráidneodracht a bhaint amach i gcomhréir le cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus leis an eolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil. Iarrann an tAontas go gcuirfí deireadh de réir a chéile ar feadh amlíne shoiléir ar fud an domhain le fóirdheontais breosla iontaise chomhshaol-díobhálacha, agus béim á leagan ar an ngá atá le nuálaíocht agus forbairt theicneolaíoch, agus le claochlú daingean agus cóir ar fud an domhain i dtreo na haeráidneodrachta, lena n-áirítear deireadh a chur de réir a chéile le gual gan staonadh i dtáirgeadh fuinnimh agus – mar chéad chéim – deireadh a chur láithreach le maoiniú bonneagair nua guail i dtríú tíortha. Rannchuideoidh an tAontas le tionscnaimh idirnáisiúnta a fhorbairt, agus tacóidh sé leo, chun na deiseanna eacnamaíocha a bhaineann le haistriú cóir ó ghual gan staonadh i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach agus a chur i dtreis, agus rachaidh sé i ngleic go háirithe le feachtas Uachtaránacht COP 26 i ndáil le haistriú fuinnimh agus fiosróidh sé an scóip atá ann do phlé ardleibhéil breise i bhfianaise na gcruinnithe mullaigh domhanda atá ar na bacáin. Tacóidh an tAontas leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an mbonneagar breosla iontaise atá ann cheana ar an gcomhshaol, lena n-áirítear astaíochtaí neamh-CO2, amhail an carbón dubh. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis go láidir nach mór tionchar an athraithe aeráide sa réigiún Artach, réigiún a bhfuil tionchar ar leith á imirt air, a mhaolú. Anuas air an méid sin, saothróidh an tAontas Eorpach mar thosaíocht tionscnaimh idirnáisiúnta maidir le laghduithe ar astaíochtaí meatáin i gcomhréir leis an Straitéis Meatáin a thíolaic an Coimisiún le déanaí, ag cur le cumais díchomórtais faire spáis an Aontais, trí dhíriú ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht a spreagadh san Fhaireachlann Idirnáisiúnta um Astaíochtaí Meatáin chun tomhas domhanda, tuairisciú agus fíorú a neartú.

11. Aithníonn an Chomhairle go mbeidh tionchar nach beag ag an aistriú fuinnimh, ach é a shaothrú ar an luas is gá, ar shochaithe, ar gheilleagair agus ar gheopholaitíocht an domhain, agus go n-athrófar na patrúin reatha eacnamaíocha agus trádála dá réir. Cé gur deis é an t-aistriú sin chun bogadh i dtreo an fháis inbhuanaithe, rud a chruthóidh poist nua, agus go rachaidh sé chun tairbhe gach tíre i ndeireadh thiar thall, d'fhéadfadh a leithéid – sa mheántéarma – drochthionchair a imirt ar roinnt de na tíortha sin, go háirithe orthu siúd atá ag brath ar onnmhairiú breoslaí iontaise, lena n-áirítear iad siúd atá suite i mórchomharsanacht an Aontais. Beidh ar bheartas eachtrach agus gníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus na mBallstát na dúshláin gheopholaitiúla agus slándála sin a réamh-mheas, trí thacaíocht agus cothú a thabhairt d'fhorbairt pleananna eacnamaíocha agus éagsúlaithe fuinnimh atá cóir ó thaobh na sochaí de, agus trí thacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil, i gcás inar gá, dóibh siúd is mó atá buailte, ar mhaithe le tacú lena gclaochlú eacnamaíoch. Roinnfidh an tAontas an taithí a fuair sé ar shaothrú an aistrithe fuinnimh – aistriú cóir cuimsitheach ar bhonn sóisialta nach bhfágann aon duine ar lár – lena n-áirítear trí bhíthin uirlisí amhail an Tionscnamh um Réigiúin Ghuail i mbun Aistriú lena dtacaítear le pobail a mbíonn tionchar orthu ag an aistriú ó ghual agus an Sásra um Aistriú Cóir.

12. Bíonn ról lárnach ag taidhleoireacht fuinnimh an Aontais i gcothú agus i neartú shlándáil fuinnimh agus teacht aniar an Aontais agus ár gcomhpháirtithe. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil cineál na slándála fuinnimh ag athrú i gcaitheamh an ama i.e. ón imní faoi rochtain ar bhreoslaí iontaise ar phraghsanna inacmhainne a fhaightear ar mhargaí luaineacha go dtí an gá atá ann rochtain a áirithiú ar na hamhábhair agus na teicneolaíochtaí ríthábhachtacha atá riachtanach don aistriú fuinnimh ach spleáchais nua a sheachaint ag an am céanna, agus a áirithiú go mbeidh ann slabhraí soláthair athléimneacha, an chibearshlándáil, cosaint agus oiriúnú aeráide ag cách, agus go háirithe, bonneagar 'criticiúil'. Ar mhaithe le domhan aeráidneodrach a bhaint amach, déanfaidh taidhleoireacht fuinnimh an Aontais an tslándáil fuinnimh agus an athléimneacht fuinnimh a shaothrú trí mhargaí domhanda atá oscailte, trédhearcach, dea-rialáilte, leachtach agus bunaithe ar rialacha a chur chun cinn, rud a áiritheoidh an éagsúlacht i measc soláthróirí agus foinsí, agus úsáid an Euro i dtrádáil fuinnimh. Ar na cúiseanna sin, meabhraíodh don Chomhairle gur chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach an méid a leanas i gconclúidí an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020 uaithi: "an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach, mar aon le Margadh Aonair atá láidir domhain; cothóidh siad cineálacha nua fáis, cuirfidh siad an comhtháthú agus an cóineasú chun cinn, agus neartóidh siad athléimneacht an Aontais. Príomhchuspóir de chuid an Aontais é uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna". Thairis sin, ina conclúidí ón 16 Samhain 2020, "Téarnamh lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú go tionscal Eorpach níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche", meabhraíodh don Chomhairle go n-áirítear leis sin spleáchais straitéiseacha a shainaithint agus a laghdú agus athléimneacht a mhéadú sna héiceachórais thionsclaíocha is íogaire agus i réimsí sonracha, amhail, *inter alia* fuinneamh. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an tAontas feabhas ar a chumas comhoibriú lena chomhpháirtithe chun a luachanna agus a leasanna a chosaint. Meabhraítear don Chomhairle freisin a thábhachtaí atá an tsábháilteacht núicléach, agus an t-imscrúdú leanúnach atá ar bun ag an gCoimisiún ar bhearta féideartha lena gcuirfí cosc ar allmhairiú leictreachais tráchtála ó shaoráidí núicléacha tríú tíortha nach gcomhlíonann na leibhéil sábháilteachta is aitheanta ag an Aontas.

13. Áiritheoidh an tAontas go mbeidh a bheartas trádála agus a chuid comhaontuithe trádála ar aon dul leis an uaillmhian aeráide atá aige. Admhaíonn an Chomhairle go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún, tríd an Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ó mhí na Nollag 2019, go mbeadh urraim do Chomhaontú Pháras ina ghné bhunriachtanach feasta i gcás gach comhaontú cuimsitheach trádála dá ndéanfar. Is díol sásaimh don Chomhairle an tionscnamh ón gCoimisiún i gcomhthéacs na hEagraíochta Domhanda Trádála lena n-áiritheofar go mbeidh na rialacha iltaobhacha trádála ina dtacaíocht ag an aistriú domhanda i dtreo geilleagar aeráidneodrach athléimneach. Agus an ról tábhachtach a bhíonn ag comhghuaillíochtaí tionsclaíocha á thabhairt dá aire dó, féachfaidh an tAontas lena áirithiú nach ndéanfar saobhadh ar thrádáil ná ar infheistíocht i gcás gnólachtaí de chuid an Aontais i dtríú tíortha, go mbeidh cothrom na Féinne le fáil ag cách, agus rochtain chothrom ann ar acmhainní agus ar theicneolaíochtaí glasa. Chun ceannaireacht theicneolaíoch ghlas an Aontais a áirithiú, saothrófar trí bhíthin ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais comhpháirtíochtaí straitéiseacha déthaobhacha taighde le ceannairí teicneolaíochta agus comhar trí bhíthin fóraim dhomhanda amhail Misean um Nuálaíocht agus an Chomhdháil Aireachta um Fhuinneamh Glan, agus tacófar ag an am céanna le glacadh chaighdeáin fuinnimh an Aontais ar fud an domhain.

14. Chun a leasanna a chosaint, bainfidh an tAontas úsáid as a bhfuil d'ionstraimí agus de roghanna ar fáil dó, lena n-áirítear ceannasacht agus cearta ceannasacha na mBallstát a n-acmhainní nádúrtha féin a fhorbairt i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus cosnóidh sé cumas an Aontais gona Bhallstát cinntí ceannasacha a dhéanamh maidir le beartas fuinnimh, agus diúltóidh sé do chur isteach ó thríú tíortha agus don chomhéigean eacnamaíoch, agus é d'aidhm aige úsáid níos éifeachtaí agus níos comhordaithe a bhaint as bearta sriantacha. Meabhraítear don Chomhairle nach mór don infheistíocht dhíreach choigríche a dhéantar i mbonneagar fuinnimh an Aontais sláine mhargadh inmheánach an Aontais a urramú agus nár cheart di an bonn a bhaint de spriocanna slándála, leasanna straitéiseacha ná spriocanna aeráide an Aontais. Cuirfear dlús, trí bhíthin thaidhleoireacht an Aontais, leis na hiarrachtaí atá ar bun chun feachtais bréagaisnéise i gcoinne an aistrithe fuinnimh a chomhrac san Aontas féin agus ar fud an domhain. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de bheith ag tacú le glacadh *acquis* fuinnimh an Aontais agus le rialacha agus caighdeáin an Aontais. Leanfaidh siad dá dtacaíocht freisin chun tuilleadh comhtháthaithe agus idirnascachta a chruthú sa mhargadh fuinnimh i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, go háirithe laistigh de chomharsanacht an Aontais, lena n-áirítear Oirthear na Meánmhara. Tacóidh an tAontas le huaillmhianta agus le hiarrachtaí thíortha Chomharsanacht an Deiscirt, na mBalcán Thiar agus Chomhpháirtíocht an Oirthir agus iad i ngleic le dúshláin chomhshaoil, aeráide agus fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir ó 2020 amach agus an Dearbhú maidir leis an gClár Oibre Glas do na Balcáin Thiar agus is fada léi an teachtaireacht atá le teacht maidir le comhpháirtíocht athnuaite do Chomharsanacht an Deiscirt, i gcomhréir le gné idirnáisiúnta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé próiseas leasaithe an Chonartha um Chomhphobal Fuinnimh a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.

15. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeadh struchtúir iltaobhacha éifeachtacha agus sásraí rialachais éifeachtacha ann le tacú le taidhleoireacht aeráide agus taidhleoireacht fuinnimh an Aontais, agus tugann sí dá haire an fheidhm cheannaireachta atá ag G7 agus G20; is díol sásaimh di pleananna na Ríochta Aontaithe agus na hIodáile – mar chomh-óstach ar COP 26 – an ghníomhaíocht ar son na haeráide agus an t-aistriú fuinnimh a bheith ina dtéamaí lárnacha acu le linn a n-uachtaránachtaí. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé go nglacfaí conclúidí uaillmhianacha ag an gComhdháil chomhpháirteach Aireachta maidir le Cúrsaí Aeráide agus Fuinnimh a reáchtálfaidh G20 mar chuid den chruinniú mullaigh a bheidh ag ceannairí G20 sa Róimh i mí Dheireadh Fómhair 2021. Tacóidh taidhleoireacht fuinnimh an Aontais le próisis athchóirithe agus nuachóirithe na n-eagraíochtaí, na gcomhlachtaí agus na dtionscnamh idirnáisiúnta fuinnimh d'fhonn aistriú cuimsitheach domhanda fuinnimh a chur chun cinn i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras, agus béim á leagan go háirithe ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí dul chun cinn sa chaibidlíocht chun an Conradh um Chairt Fuinnimh a nuachóiriú. Cuirfidh an tAontas leis na hiarrachtaí atá ar bun chun ionadaíocht leordhóthanach a áirithiú don Aontas i gcomhlachtaí cinnteoireachta na n-eagraíochtaí iltaobhacha sin, féachfaidh sé le hilroinnt na gcineálacha cur chuige a laghdú, agus tacóidh sé le hiarrataí ar anailísí agus cásanna chun a rannchuidiú leis na spriocanna aeráidneodracht a uasmhéadú. Is díol sásaimh don Aontas an tionscnamh tráthúil ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe chun Idirphlé Ardleibhéil maidir le Cúrsaí Fuinnimh a thionól ar leibhéal na gCeann Stáit agus Rialtais i mí Mheán Fómhair 2021.

16. Tá rochtain uilíoch ar fhuinneamh sábháilte, slán, inbhuanaithe agus inacmhainne fíorthábhachtach i gcónaí chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus riachtanach chun go mbainfí amach Clár Oibre 2030. Leanfaidh an tAontas air ag tabhairt aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh, agus i gcás inar féidir, cuirfidh sé a chion féin leis an gcur chuige atá ag Foireann na hEorpa, i gcomhréir leis na spriocanna aeráide agus aistrithe fuinnimh agus leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle maidir le 'Fuinneamh agus Forbairt' (2018). Mar ghníomhaíocht tosaíochta, oibreoidh an tAontas le comhpháirtithe Afracacha i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach *Towards a comprehensive Strategy with Africa* [I dtreo Straitéis chuimsitheach leis an Afraic]; forbróidh sé cur chuige straitéiseach agus comhordaithe i ndáil leis an gcomhpháirtíocht fuinnimh leis an Afraic, agus seolfaidh sé Tionscnamh Fuinnimh Ghlais idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach, a bheidh ina thaca le huaillmhian uilíoch na hAfraice maidir le rochtain inbhuanaithe ar fhuinneamh; anuas air sin, seolfaidh sé an tionscnamh "NaturAfrica" chun caomhnú an dúlra a chur chun cinn, deiseanna fostaíochta a mhéadú, agus cabhrú le dul i ngleic le saothrú neamhdhleathach acmhainní nádúrtha agus le cailliúint na bithéagsúlachta san Afraic. Rannchuideoidh an tAontas freisin leis an dlús a chuirfear le cur chun feidhme an Bhalla Mhóir Ghlais.

17. Chun go n-éireoidh leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí saothrú comhleanúnach ar na spriocanna beartais sheachtraigh i ngach réimse earnála ábhartha. Tugann an Chomhairle dá haire, go háirithe, na naisc intreacha darb ann idir an ghníomhaíocht idirnáisiúnta ar son na haeráide agus an chomhshaoil. Ós rud é go bhfuil eastóscadh agus próiseáil acmhainní domhanda, lena n-áirítear fuinneamh, freagrach as leath na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus as breis agus 90 % de chailliúint na bithéagsúlachta, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí athnuaite chun astaíochtaí na n-earnálacha sin a theorannú trí bhíthin beartais nó nuálaíochta i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh. Ina theannta sin, iarrann an tAontas go mbeadh de thoradh ar an 15ú comhdháil de chuid na bpáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht go gcuirfí ar bun creat uaillmhianach bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020 a mbeadh sé mar aidhm leis cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú. Tugann an Chomhairle dá haire go háirithe go bhfuil baint mhór idir an t-athrú aeráide, díghrádú na n-aigéan agus an fhionnuisce, an dífhoraoisiú, agus cailliúint na bithéagsúlachta. Tabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit aghaidh go práinneach ar na saincheisteanna sin, agus tabharfaidh siad chun cuimhne an gá atá le comhar agus sineirgí níos dlúithe maidir le saincheisteanna bithéagsúlachta, aigéan agus aeráidghaolmhara i measc tionscnaimh agus coinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe agus i measc na bpróiseas idirnáisiúnta agus réigiúnach eile. Aithníonn an Chomhairle go dteastaíonn cur chuige cuimsitheach maidir leis na dúshláin a bhaineann le huisce, lena n-áirítear sineirgí idir an taidhleoireacht aeráide, an taidhleoireacht fuinnimh agus an taidhleoireacht uisce. Is díol sásaimh di an togra ón gCoimisiún le haghaidh Comhghuaillíocht Dhomhanda um an nGeilleagar Ciorclach agus um Thíosacht Acmhainní, lena gcuirfear go mór le spriocanna Chomhaontú Pháras agus le haisiompú na cailliúna bithéagsúlachta.

18. Cuirfidh an tAontas agus na Ballstáit na conclúidí sin chun feidhme trí leanúint de chur chuige saincheaptha a shaothrú i ngach cás i gcomhréir leis na conclúidí is déanaí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide (2020). Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí straitéis nua maidir leis an rannpháirtíocht idirnáisiúnta fuinnimh a ullmhú faoi dheireadh 2021, i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar amach thuas, agus sainiúlachtaí na réigiún agus na dtíortha áirithe á gcur san áireamh agus comhpháirtíochtaí fuinnimh á gcothú, agus an comhar réigiúnach fuinnimh á fhorbairt, go háirithe i gComharsanacht an Aontais.

19. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh comhtháthú éifeachtach le linn na bliana 2020 ar an ngníomhaíocht ar son na haeráide mar phríomh-shaincheist i roinnt de na dearbhuithe déthaobhacha agus iltaobhacha a eisíodh, amhail an Communiqué Comhpháirteach a d'eascair as an gcomhdháil aireachta neamhfhoirmiúil a bhí ag an bhFondúireacht Eorpach do Mheiriceá Laidineach agus don Mhuir Chairib. Oibreoidh Ballstáit an Aontais i gcomhar le chéile chun an ghníomhaíocht aeráide, an t-aistriú fuinnimh, agus an téarnamh glas ó phaindéim COVID-19, a shaothrú mar sprioc choiteann ar fud an chláir oibre idirnáisiúnta in 2021, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht iltaobhach agus cruinnithe a bheidh ag na Bainc Forbartha agus ag na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais, ar bhealach a thacóidh le toradh rathúil a thabhairt ar an ócáid Réamh-COP26 a bheidh ar siúl in Milano i mí Mheán Fómhair 2021 chun go mbainfear amach an toradh is uaillmhianaí dár féidir ag COP 26. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas den ghníomhaíocht ar son na haeráide agus den aistriú fuinnimh a chur ar bharr an chláir oibre sa rannpháirtíocht dhéthaobhach a dhéanfaidh sé le tríú tíortha, agus cuirfidh sé chun suntais comharsanacht an Aontais, agus le táirgeoirí agus soláthraithe na mbreoslaí iontaise. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an gá atá le cearta an duine a chomhtháthú go córasach sa ghníomhaíocht ar son na haeráide agus sa taidhleoireacht fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas den chomhionannas inscne agus de chumhachtú na mban a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn. Cuireann sí i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar ghuth na nglún óg maidir leis an aeráid, leis an bhfuinneamh agus leis an gcomhshaol; is díol sásaimh di an ócáid YouthforClimate: driving ambition [An Óige ar son na hAeráide: uaillmhian as cuimse] a bheidh á hóstáil ag an Iodáil i mí Mheán Fómhair 2021.

20. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a threisiú a thuilleadh, chun an acmhainneacht iomchuí a chur ar fáil, agus comhordú agus malartú faisnéise a neartú – in éineacht leis na Ballstáit – trí Líonra an Aontais um Thaidhleoireacht Ghlas agus tríd an nGrúpa Saineolaithe um Thaidhleoireacht Fuinnimh, i measc nithe eile. Idir seo agus cruinniú COP 26, cuirfidh Toscaireachtaí an Aontais agus Ambasáidí na mBallstát lena bhfor-rochtain agus lena gcomhar mar chur chuige de chuid Fhoireann na hEorpa, agus déanfar tuilleadh dlúis a chur le tiomantas agus ceannaireacht an Aontais sa réimse sin. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé athbhreithniú agus tuairisciú rialta a dhéanamh i réimse na taidhleoireachta aeráide agus fuinnimh, lena gcuirtear chun suntais torthaí agus tionscnaimh nithiúla, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide.

21. Fillfidh an Chomhairle ar an taidhleoireacht aeráide roimh chruinniú COP 26.